



Uimhir 6 de 1992

An tAcht um Banc ACC, 1992
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 6 de 1992

AN tACHT UM BANC ACC, 1992

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míniú.
 2. Banc ACC c.p.t.
 3. Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht.
 4. Maoirsiú na Corparáide ag an mBanc Ceannais.
 5. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht.
 6. Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht.
 7. Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht.
 8. Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht.
 9. Athrú ar mheabhrán agus ar airteagail chomhlachais na Corparáide.
 10. Leasú ar alt 9 den *Bankers' Books Evidence Act*, 1879.
 11. Leasú ar alt 2 den *Bills of Exchange Act*, 1882.
 12. Leasú ar alt 2 den Acht Árachais (Leasú), 1978.
 13. Aisghairm.
 14. Gearrtheideal, forléiriú, comhlua agus tosach feidhme.
-

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Cairde Talmhaíochta, 1978	1978, Uimh. 2
An tAcht Cairde Talmhaíochta, 1982	1982, Uimh. 24
An tAcht Cairde Talmhaíochta, 1988	1988, Uimh. 6
Na hAchtanna Cairde Talmhaíochta, 1978 go 1988	
<i>Bankers' Books Evidence Act</i> , 1879	42 & 43 Vict., c. 11
An tAcht um Fhianaise Leabhar Baincéirí (Leasú), 1959	1959, Uimh. 21
<i>Bills of Exchange Act</i> , 1882	45 & 46 Vict., c. 61
An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989	1989, Uimh. 17
Acht an Bhainc Ceannais, 1971	1971, Uimh. 24
Acht an Bhainc Ceannais, 1989	1989, Uimh. 16
Achtanna an Bhainc Ceannais, 1942 go 1989	
Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983	1983, Uimh. 13
Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990	
An tAcht Árachais (Leasú), 1978	1978, Uimh. 30
An tAcht Árachais, 1989	1989, Uimh. 3



Uimhir 6 de 1992

AN tACHT UM BANC ACC, 1992

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA CAIRDE TALMHAÍOCHTA, 1978 GO 1988, AGUS CHUN NA gCRÍOCH SIN DO LEASÚ ALT 9 DEN *BANKERS' BOOKS EVIDENCE ACT*, 1879, ALT 2 DEN *BILLS OF EXCHANGE ACT*, 1882, AGUS ALT 2 DEN ACHT ÁRACHAIS (LEASÚ), 1978, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA. [16 *Aibreán*, 1992]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo, ciallaíonn “an Príomh-Acht” an tAcht Cairde Míniú. Talmhaíochta, 1978.

2.—(1) Ar thosach feidhme an Achta seo, tabharfar Banc ACC cuideachta phoiblí theoranta ar Chorparáid an Chairde Talmhaíochta cuideachta phoiblí theoranta (a athchláraíodh mar chuideachta phoiblí theoranta faoi Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, le deimhniú corpraithe dar dháta an 18ú lá d'Eanáir, 1985). Banc ACC c.p.t.

(2) Aon tagairtí in aon Acht, nó in aon ionstraim a rinneadh faoi aon Acht, do Chorparáid an Chairde Talmhaíochta cuideachta phoiblí theoranta nó do Chorparáid an Chairde Talmhaíochta, Teoranta, forléireofar iad mar thagairtí do Bhanc ACC cuideachta phoiblí theoranta.

3.—Leasaítear leis seo alt 3 den Phríomh-Acht trí na mínithe seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an Chorparáid”: Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht.

“ciallaíonn ‘An Banc Ceannais’ Banc Ceannais na hÉireann;

ciallaíonn ‘An Chorparáid’ Banc ACC cuideachta phoiblí theoranta;”.

4.—(1) D'ainneoin alt 7 (4) (a cuireadh isteach le halt 30 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1989) d'Acht an Bhainc Ceannais, 1971, féadfaidh an tAire le rialacháin, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais, chun a chumasú don Bhanc Ceannais maoirseacht a fheidhmiú ar an gCorparáid faoi Achtanna an Bhainc Ceannais, 1942 go 1989, gach ceann nó aon cheann de na forálacha maoirseachta i gCuid II d'Acht an Bhainc Ceannais, 1971, nó i gCaibidlí I go VI de Chuid II d'Acht an Bhainc Maoirsiú na Corparáide ag an mBanc Ceannais.

Ceannais, 1989, a chur i bhfeidhm maidir leis an gCorparáid fara cibé modhnuithe nó oiriúnuithe a mheasann sé is gá.

(2) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithis is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Leasú ar alt 8 den
Phríomh-Acht.

5.—Leasaítear leis seo alt 8 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Luafar cuspóirí na Corparáide ina meabhrán comhlachais ar shlí go mbeidh ar a príomhfheidhmeanna—

- (a) (i) airgead a thabhairt ar iasacht agus ar airleacan,
- (ii) scaireanna, stoic, bintiúir, stoic bhintiúir agus urrúis eile de chuid aon chomhlachta chorpraithe a fháil, a fhrithghealladh, a shealbhú agus a dhíol agus déileáil leo ar shlí eile,
- (iii) billí malairte, nótaí gealltanais agus ionstraimí soshanta eile a tharraingt, a ghlacadh, a fhormhuiniú, a lascainiú agus a cheannach agus déileáil leo ar shlí eile,
- (iv) cibé seirbhísí eile baincéireachta, airgeadais nó creidmheasa a chur ar fáil agus gabháil do cibé idirbhearta baincéireachta nó airgeadais is cuí léi (lena n-áirítear ráthaíochtaí a thabhairt d’aon duine i ndáil le híoc airgid, agus úis ar an airgead, nó i ndáil le haisíoc airgid a d’íoc an duine sin ar scór iasachtaí, airleacan nó saoráidí creidmheasa eile a thug an duine sin agus i ndáil le híoc úis ar an airgead sin),
- (v) gabháil do shaoráidí fruilcheannaigh agus do shaoráidí léasa a chur ar fáil agus ábhar na saoráidí sin a fháil, a dhiúscairt agus déileáil leis ar shlí eile chun na críche sin, agus
- (vi) socrú a dhéanamh chun saoráidí creidmheasa a chur ar fáil d’aon duine ag aon duine eile (agus gníomhú mar ghníomhaire d’aon duine i ndáil le hairgead a íoc, a bhailiú agus a ghlacadh maidir leis na saoráidí sin),

faoi réir cibé coinníollacha nó teorainneacha le méideanna—

- (I) a chinneadh an tAire ó am go ham, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais, agus
- (II) ar thosach feidhme rialachán arna ndéanamh faoi alt 4 den Acht um Banc ACC, 1992, a chinneadh an Banc Ceannais ó am go ham, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, agus

(b) taiscí airgid (lena n-áirítear airgead in airgead reatha seachas airgead reatha an Stáit) a ghlacadh ó aon bhunadh ar cibé téarmaí agus faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an gCorparáid agus taiscí urrús a ghlacadh chun iad a shlánchoimeád agus a bhainistí agus, a mhéid is dleathach sin, iontaobhais a fhorghníomhú i ndáil leis na hurrúis.”.

6.—Leasaítear leis seo alt 10 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1): Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht.

“(1) Ní lú ná triúr ná ní mó ná naonúr líon stiúrthóirí na Corparáide (agus an cathaoirleach a áireamh).”.

7.—Leasaítear leis seo alt 11 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (arna leasú le halt 4 den Acht Cairde Talmhaíochta, 1988): Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht.

“(1) £50,000,000 arna roinnt ina scaireanna £1 an ceann scairchaipiteal na Corparáide.”.

8.—Leasaítear leis seo alt 12 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 2 den Acht Cairde Talmhaíochta, 1982): Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht.

“(1) Féadfaidh an Chorparáid (faoi réir cibé coinníollacha nó teorainneacha le méideanna a chinneadh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais) airgead (lena n-áirítear airgead in airgead reatha seachas airgead reatha an Stáit) a chruinniú nó a fháil ar iasacht ar aon mhodh is oiriúnach léi:

Ar choinníoll nach rachaidh an méid airgid a chruinneofar nó a gheofar ar iasacht agus a bheidh gan íoc aon tráth áirithe thar £1,000,000,000.”.

9.—Déanfaidh an Chorparáid cibé bearta is gá faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, chun a meabhrán agus a hairteagail chomhlachais a athrú chun iad a chur ar comhréir leis an Acht seo. Athrú ar mheabhrán agus ar airteagail chomhlachais na Corparáide.

10.—Leasaítear leis seo alt 9 (1) (a cuireadh isteach leis an Acht um Fhianaise Leabhar Baintéirí (Leasú), 1959) den *Bankers' Books Evidence Act*, 1879, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e) (a cuireadh isteach le halt 126 (1) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989): Leasú ar alt 9 den *Bankers' Books Evidence Act*, 1879.

“(f) ACC Bank public limited company.”.

11.—Leasaítear leis seo alt 2 den *Bills of Exchange Act*, 1882, tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “Banker” (a cuireadh isteach le halt 126 (2) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989): Leasú ar alt 2 den *Bills of Exchange Act*, 1882.

“ ‘Banker’ includes—

(a) a body of persons whether incorporated or not who carry on the business of banking,

(b) a building society (within the meaning of the Building Societies Act, 1989), and

(c) ACC Bank public limited company.”.

Leasú ar alt 2 den
Acht Árachais
(Leasú), 1978.

12.—Leasaítear leis seo an tAcht Árachais (Leasú), 1978, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 2 (a cuireadh isteach le halt 27 den Acht Árachais, 1989):

“2. (1) Baineann an tAcht seo le haon bhanna nó le haon chonradh urraíochta nó ráthaíochta arna thabhairt nó arna dhéanamh, mar urra nó ráthóir—

(a) ag ceadúnaí i gcúrsa a ghnó bainc éireachta, nó

(b) ag Corparáid an Chairde Tionscail cuideachta phoiblí theoranta i gcúrsa a ghnó, nó

(c) ag Fóir Teoranta i gcúrsa a ghnó, nó

(d) ag Banc ACC cuideachta phoiblí theoranta i gcúrsa a ghnó,

nó a bheidh arna thabhairt nó arna dhéanamh, mar urra nó ráthóir, i gcúrsa a ghnó bainc éireachta, ag duine a chónaíonn lasmuigh den Stát do shásamh ceanglais, agus d’aon toisc chun críocha ceanglais—

(i) is ceanglas—

(I) de chuid ceadúnaí,

(II) de chuid Chorporáid an Chairde Tionscail cuideachta phoiblí theoranta,

(III) de chuid Fhóir Teoranta, nó

(IV) de chuid Bhanc ACC cuideachta phoiblí theoranta, agus

(ii) a rinneadh d’aon toisc d’urrú saoráidí airgeadais atá le cur ar fáil—

(I) ag an gceadúnaí sin,

(II) ag Corparáid an Chairde Tionscail cuideachta phoiblí theoranta,

(III) ag Fóir Teoranta, nó

(IV) ag Banc ACC cuideachta phoiblí theoranta.

(2) San alt seo—

tá le ‘gnó bainc éireachta’ an bhrí a shanntar dó le halt 2 (arna leasú le halt 29 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1989) d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971;

ciallaíonn ‘ceadúnaí’ an sealbhóir ar cheadúnas a deonaíodh faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971.”.

13.—Aisghairtear leis seo iad seo a leanas:

Aisghairm.

(a) fo-alt (2) d’alt 53 den Phríomh-Acht, agus

(b) alt 2 den Acht Cairde Talmhaíochta, 1988.

14.—(1) Féadfar an tAcht um Banc ACC, 1992 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal,
forléiriú, comhlua
agus tosach feidhme.

(2) Déanfar na hAchtanna Cairde Talmhaíochta, 1978 go 1988, agus an tAcht seo (seachas ailt 10, 11 agus 12), a fhorléiriú le chéile mar aon Acht amháin agus féadfar na hAchtanna um Banc ACC, 1978 go 1992, a ghairm díobh le chéile.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.